



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Eacnamaí

Ról	Eacnamaí
Ag tuairisciú chuig	Stiúrthóir Rialála Eacnamaíche
Láthair	3ú hurlár, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 (ag obair ó chian faoi láthair mar gheall ar COVID-19)
Post	Lánaimseartha
Achar Ama	Buan

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta in 2001 agus is comhlacht poiblí neamhspleách é atá faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus atá freagrach do Thithe an Oireachtais. Is é ról an Choimisiúin é cearta aerphaisinéirí a chosaint tríd an méid seo a leanas a sholáthar:

- Seirbhísí aerfoirt agus aerloingseoireachta atá éifeachtúil, ar ardchaighdeán agus feasach ar shábháilteacht;
- Aerlínte agus seirbhísí ar an talamh atá bunaithe in Éirinn ag na trí aerfort stáit atá sábháilte agus láidir ó thaobh an airgeadais de;
- Gníomhairí taistil agus oibreoirí turais Éireannacha atá stuama i dtaobh airgeadais;
- Creat daingean chun cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú i ngach aerfort in Éirinn; agus
- Creat rialála atá de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

In 2018, chinn an Rialtas ar fheidhmeanna rialála Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) a scaradh óna sheirbhísí tráchtála rialaithe aerthráchta agus an Coimisiún (CAR) a chumasc le Rannóg Sábháilteachta agus Rialaithe IAA (IAA SRD) chun rialtóir aonair eitlíochta a chruthú. Tá an tionscadal seo ar bun go fóill, agus nuair a chuirfear i gcrích é aistrefar an ról seo go dtí an rialtóir nua.

Tá foireann 23 duine ag an gCoimisiún faoi láthair. Tá tuilleadh faisnéise maidir le réimse iomlán ról agus feidhmeanna an Choimisiúin, gach páipéar a bhaineann le rialáil eacnamaíoch san áireamh, ar fáil ag www.aviationreg.ie.

Cur síos ar an bpost

Tá deis ann sa Choimisiún um Rialáil Eitlíochta do dhuine cáilithe ardghnóthachtála le bheith páirteach san eagraíocht, agus é ag díriú ar fheidhmeanna rialála eacnamaíche agus feidhmeanna cosanta custaiméirí na heagraíochta.

Tabharfar deis don té a cheapfar a bheith ina shaineolaí ar rialáil eacnamaíoch, anailís airgeadais, ceapadh agus cur i bhfeidhm beartas, na múnlaí gnó aerfoirt/rialaithe aerthráchta, cumarsáid agus ceannaireacht.

Beidh deis ann d'fhoghlaim agus forbairt ghairmiúil, rud a ligfidh duit barr do chumais a bhaint amach.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Tá foireann bheag d'eacnamaithe rialála ag an gCoimisiún. Agus tú mar bhall den fhoireann sin, beidh ionchur teicniúil agus teoiriciúil agat sa mhéid seo a leanas:

- Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialáil ó thaobh praghsanna de, ról a chuimsíonn leibhéal uasta muirear aerfoirt arna ngearradh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a shocrú
- Éifeachtúlacht costais soláthair seirbhísí aerloingseoireachta in Éirinn a rialú
- Acmhainn chríochfoirt/aerpháirce Aerfort Bhaile Átha Cliath a shocrú chun críocha sealanna aerfoirt a chomhordú.
- Anailís chainníochtúil cosúil le tagarmharcáil, réamhaisnéis agus samhaltú airgeadais.
- Anailís éifeachtúlachta caipitil agus oibríochtúla a dhéanamh ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Rialú Aerthráchta in Éirinn.
- Páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán agus idirphlé suntasach le príomhpháirtithe leasmhara sa tionscal eitlíochta.
- Modhanna a fhorbairt chun teagmháil a dhéanamh le paisinéirí faoi cheisteanna rialála agus ceisteanna cáilíochta seirbhíse.
- Caighdeáin cháilíochta seirbhíse a shocrú do phaisinéirí/aerlínte agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh.
- Tuarascálacha comhairliúcháin agus cinnteoireachta agus tuarascálacha inmheánacha a dhréachtú agus cuir i láthair a dhéanamh go himmheánach agus go seachtrach.
- Faomhadh a dhéanamh ar tháillí arna n-íoc ag lucht soláthair seirbhíse ar an talamh agus ar tháillí arna ngearradh i leith paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta.
- Cur le forbairt beartas agus le foirmlíú modhanna agus treoirlínte cur chun feidhme, in Éirinn agus ar fud na hEorpa.
- Feasacht leanúnach ar an gcleachtas i dtaobh rialáil eacnamaíoch in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.
- Anailís sonraí agus samhaltú sonraí do gach réimse den Choimisiún.
- Cur le forbairt agus cur chun feidhme beartas i réimsí eile d'obair an Choimisiúin.

Scileanna, Inniúlachtaí, agus Cáilíochtaí

Beidh an té a cheapfar ag obair mar chuid d'fhoireann, ach ba chóir go mbeadh sé de chumas aige nó aici a bheith ag obair go neamhspleách, tosaíochtaí ó lá go lá a shocrú dó nó di féin agus, uaireanta, a bheith ag cloí le spriocdhátaí dochta. Beidh na scileanna agus na cáilíochtaí seo a leanas ag an té a cheapfar.

Bunriachtanach:

- Iarchéim san eacnamaíocht nó in ábhar ábhartha gaolmhar, nó taithí shuntasach ghaolmhar.

Inmhianaithe:

- Suim mhór i dteoiric an eagraithe thionsclaíoch nó sa mhicreacnamaíocht fheidhmeach agus eolas ar rialáil fóntas.
- An cumas anailís bhunaidh eacnamaíoch agus bheartais ar ardchaighdeán a dhéanamh.
- Suim sa tionscal eitlíochta, nó taithí ann.
- Scileanna maithe cumarsáide i mBéarla, go háirithe i dtaobh tuarascálacha a scríobh chomh maith le nótaí gearra achoimre.
- Scileanna anailíseacha agus cainníochtúla den chéad scoth, eolas ar phacáistí eacnaiméadrachta agus anailís ar scarbhileoga agus ar shamhaltú.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cleachtadh ag obair le foireann.
- Léiriú go bhfuil sé de mhuintín aige nó aici ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Choimisiúin ag cruinnithe agus nuair a dhéantar cur i láthair.
- Bheith coinsiasach, cruinn ina gcuid oibre agus ar a gcumas oibriú as a stuaim féin.
- Suim i gcúrsaí reatha a bhaineann le hobair an Choimisiúin.

PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

Déanfar iarratasóirí a mheas ar dtús ar bhonn a n-iarratas, ina mbeidh CV, litir spreagtha agus sampla de do chuid scríbhneoireachta (e.g. tráchtas, aiste, nó tuarascáil oibre atá scríofa agat roimhe seo) agus d'fhéadfaí iad a chur ar ghearrliosta. D'fhéadfadh suas le dhá agallamh agus triail mhianaigh a bheith i gceist leis an bpróiseas agallaimh. D'fhéadfadh sé gur cianagallamh i bhfoirm físchomhdhála a bheidh i gceist.

RÁTA TUARASTAIL

Is post buan é. Tuarastal de €46,412 ag ardú, ag brath ar mheasúnú sásúil feidhmíochta, in incrimintí bliantúla go €64,818 bunaithe ar Scála Níos Airde an Oifigigh Riaracháin. Tosófar ar an íos-scála agus d'fhéadfaí ráta na híocaíochta a choigeartú ó am go ham, ar aon dul le polasáí íocaíochta an Rialtais. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh coinníollacha agus pá éagsúla a bheith i gceist más rud é gur státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an té a cheaptar díreach sula gceptar é.

TRÉIMHSE PHROMHAIDH

Tá an post faoi réir tréimhse phromhaidh 6 mhí ón dáta beacht a thosaítear agus tá sé faoi réir feidhmíocht shásúil le linn na tréimhse sin.

UAIREANTA OIBRE

Beifear ag obair ar feadh 37 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Seo a leanas gnáthuaireanta oibre an Choimisiúin:

Dé Luain go dtí Déardaoin: 09:00 go dtí 17:30 le sos lóin aon uair an chloig amháin

Dé hAoine: 09:00 go dtí 17:00 le sos lóin aon uair an chloig amháin

Tugtar deis do bhaill foirne an Choimisiúin uaireanta oibre fleisc-ama a bheith acu freisin.

SAOIRE BHLIANTÚIL

Tá Saoire Bhliantúil 25 lá ar fáil in aghaidh na bliana, pro rata, gan laethanta saoire poiblí san áireamh.

PINSEAN

Beidh an té a cheaptar faoi réir théarmaí agus choinníollacha aois scoir na seirbhíse poiblí i gcomhréir le socruithe pinsin an Choimisiúin agus ag brath ar a stádas:

- Go ginearálta, an té nach bhfuil stair inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí aige sna 26 seachtain sula gceapfaí é, beidh sé ina bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair) a thosaigh ar an 1 Eanáir 2013 [Alt 10 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 arna tagairt];
- Aon duine a bhí ina bhall de “scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana”, mar a thuigtear é sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, agus nach gcáillíonn do bhallraíocht sa Scéim Aonair, beidh sé ina bhall de Scéim Sochair Dhíriú an Choimisiúin.

SOCHAIR EILE

- Incháilithe don scéim rothaíochta ag an obair
- Bus/Luas/larnród saor ó cháin chun cúnamh a thabhairt maidir le costais taistil chun na hoibre
- Incháilithe don Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe
- Rochtain ar thionscnaimh sláinte agus folláine an Choimisiúin
- Deiseanna Foghlama agus Forbartha

LÁTHAIR

Tá an Coimisiún lonnaithe ar an 3ú hurlár, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 os comhair an Cheolárais Náisiúnta. Táimid suite gar do stad Fhaiche Stiabhna ar Líne Ghlas an Luas; tá roinnt bealaí busanna éagsúla in aice linn, amhail an 46a, 44, 145, agus 184 agus táimid 15 nóiméad siúil ó Stáisiún na bPiarsach. Táimid dhá nóiméad siúil ó stad an bhus ar bhealach Matthews chuig UCD ar Shráid Líosain Íochtarach.

Mar gheall ar COVID19, tabharfar faoin ról ó chian ar dtús agus cuirfidh an Coimisiún an teicneolaíocht chúí ar fáil.

IARRATAS

Ní mór CV, litir spreagtha agus sampla de do chuid scríbhneoireachta (e.g. tráchtas, aiste, nó tuarascáil oibre atá scríofa agat roimhe seo) a chur isteach mar iarratas le bheith san áireamh do ghearrliostáil. Ba cheart iarratais a sheoladh ar ríomhphost go info@aviationreg.ie nó a sheoladh sa phost go dtí an seoladh thuasluaite, agus go bhfaightear iad tráth nach déanaí ná **5 p.m., Dé hAoine, 4 Nollaig 2020.**

Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le RGCS 2018; féach ar ár ráiteas príobháideachais anseo: <https://www.aviationreg.ie/about-the-commission-for-aviation-regulation/current-vacancies.526.html>.